2026/2633

24.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2633 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1472 maidir le hAcadamh Taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1472 ([1]), maidir le hAcadamh Taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh (EUDA).

(2) De bhun Airteagal 13 de Chinneadh (CBES) 2024/1472, tá an Chomhairle le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCinneadh sin faoin 31 Nollaig 2026. Chun na críche sin, tá Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') le tuarascáil a thíolacadh, ar bhonn meastóireacht neamhspleách sheachtrach, ar EUDA agus ar fheidhmíocht Choláiste na hEorpa maidir le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna EUDA a chur chun feidhme ('an tuarascáil').

(3) An 6 Deireadh Fómhair 2026, chuir an tArdionadaí an tuarascáil faoi bhráid na Comhairle. Tá roinnt moltaí sa tuarascáil maidir le feidhmiú EUDA a fheabhsú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/1472 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1472 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

Ceann EUDA

1. Déanfaidh Ceann EUDA ("an Ceann") an méid seo a leanas:

(a) beidh sé nó sí freagrach as bainistiú foriomlán EUDA;

(b) beidh sé nó sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht EUDA le líonra na n-acadamh taidhleoireachta náisiúnta agus le stiúrthóirí oiliúna Aireachtaí Gnóthaí Eachtracha na mBallstát.

(c) beidh sé nó sí freagrach as comhordú foriomlán EUDA agus comhsheasmhacht le tosaíochtaí CBES an Aontais faoi fhreagracht an Ardionadaí a áirithiú, go háirithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 10;

(d) áiritheoidh sé nó sí go ndéanfar tuarascálacha meastóireacht a bhaineann leis an gclár oiliúna bliantúil agus ar chomhpháirteanna an chláir a tháirgeadh go rialta, agus cuirfidh sé nó sí na tuarascálacha sin faoi bhráid an Choiste Stiúrtha;

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/1472 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 maidir le hAcadamh Taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh (IO L, 2024/1472, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1472/oj).

(e) tabharfaidh sé nó sí treoir agus tacaíocht d'obair an Choiste Stiúrtha, agus cuirfidh sé nó sí an Coiste Stiúrtha ar an eolas faoi gach gníomhaíochtaí ábhartha eile a bhaineann leis an gclár oiliúna bliantúil;

(f) cuirfidh sé nó sí an Coiste Stiúrtha ar an eolas maidir leis an togra buiséid do EUDA agus maidir le cur chun feidhme an bhuiséid; agus

(g) oibreoidh sé nó sí i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus déanfaidh sé nó sí teagmháil rialta leis na húdaráis ábhartha in institiúidí agus i gcomhlachtaí eile an Aontais agus sna Ballstáit.

2. Is é nó í a bheidh sa Cheann an ball foirne ag a bhfuil post an "Ceann Rannáin" sa rannán atá freagrach as Foghlaim agus Forbairt laistigh de SEGS.';

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 6a*

"Stiúrthóir EUDA"

1. Beidh Stiúrthóir EUDA ("an Stiúrthóir") freagrach as an méid seo a leanas:

(a) an dréachtchlár oiliúna a dhearadh agus a chur faoi bhráid an Choiste Stiúrtha lena fhormheas;

(b) gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna an chláir oiliúna a chur chun feidhme, lena n-áirítear na cúrsaí a dhearadh, faireachán a dhéanamh ar an gclár, agus meantóireacht agus cóitseáil a dhéanamh ar rannpháirtithe EUDA;

(c) tuairisciú go córasach don Cheann agus don Choiste Stiúrtha maidir le gach gníomhaíocht oideachais agus oiliúna de chuid EUDA; agus

(d) ionadaíocht a dhéanamh ar EUDA in ábhair a bhaineann lena chlár oiliúna, lena n-áirítear comhar leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 10.

2. Fostóidh Coláiste na hEorpa an Stiúrthóir tar éis próiseas roghnúcháin oscailte, trédhearcach agus iomaíoch, a sheolfar trí fhógra folúntais a fhoilsiú ina n-iarrfar iarrthóirí a chomhfhreagraíonn do phróifíl chinnte, tar éis toiliú a fháil ón Ardionadaí.';

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Saineofar sa chlár oiliúna freagrachtaí na mball sin d'fhoireann Choláiste na hEorpa a bheidh i gceannas ar chur chun feidhme an chláir.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

'*Airteagal 9*

Comhar le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus le hacadaimh taidhleoireachta sna Ballstáit

Oibreoidh EUDA i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus bunóidh sé dlúthnaisc le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais, le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, go háirithe Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála agus an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, agus le hacadaimh thaidhleoireachta sna Ballstáit.';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'*Airteagal 10*

An comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tríú tíortha

Oibreoidh EUDA i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le gníomhaithe ábhartha eile, mar shampla institiúidí oideachais agus oiliúna agus acadaimh thaidhleoireachta i dtríú tíortha.';

(6) leasaítear Airteagal 12 mar seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) rannpháirtithe a roghnú as measc na n-iarrthóirí arna moladh ag na Ballstáit, ag institiúidí de chuid an Aontais agus ag comhlachtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil baint acu leis an gcaidreamh seachtrach.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4. Ar bhonn measúnaithe ag SEGS, féadfaidh an Coiste Stiúrtha cinneadh a dhéanamh rannpháirtithe a ainmniú do EUDA, ar bhonn cás ar chás agus tar éis iarrataí ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil baint acu leis an gcaidreamh seachtrach.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

'*Airteagal 13*

Athbhreithniú

1. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an gCinneadh seo faoin 31 Nollaig 2026. Chun na críche sin, tíolacfaidh an tArdionadaí tuarascáil ar bhonn mheastóireacht neamhspleách sheachtrach, faoin 31 Lúnasa 2026, ar EUDA agus ar fheidhmíocht Choláiste na hEorpa maidir le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna EUDA a chur chun feidhme.

2. Arna iarraidh sin don Cheann, i gcomhairle leis an gCoiste Stiúrtha, déanfar meastóireacht neamhspleách sheachtrach ar EUDA agus ar fheidhmíocht an tairbhí deontais dá dtagraítear in Airteagal 5 faoi dheireadh an dara bliain de chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna dá dtagraítear in Airteagal 3.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON